

# ❖ An Lúibín ❖

6 Lúnasa 2022

## Ó lámh an fhile

Tá Coiscéim tar éis *Ar thóir gach ní*, cnuasach filíochta le Julie Breathnach-Banwait, a fhoilsiú. Rugadh agus tógadh Julie i gCeantar na nOileán i gConamara, ach anois tá sí ina cónaí san Astráil Thiar lena cúram. D'fhoilsigh Coiscéim *Dánta Póca*, cnuasach eile léi, in 2020. Í ag cur i gcónaí le litríocht Ghaeilge na hAstráile le meanma agus le paisean.



## An Ghaeilge sa Nua-Shéalainn

*A talk recently given by Diarmaid Coffey from the Gaelic League in New Zealand (and now available online) throws light on the history of Irish in that country, linking it with immigration in the 19th century and later with local activism.*

Tá a stair féin (stair choilíneach, ar ndóigh) ag an nGaeilge sa Nua-Shéalainn (nó *Aotearoa* i Maorais), ach is beag aird a tarraingíodh uirthi go dtí seo. Is tráthúil, mar sin, a tháinig Diarmaid Coffey in ainm Chonradh na Gaeilge thall chun caint a thabhairt ar an 13 Iúil 2022: 'The history of the Irish language in Aotearoa: an introduction'. Tá an chaint iomlán le fáil ag <https://isaanz.org/>, suíomh an Irish Studies Association of Australia and New Zealand.

Is beag Éireannach a bhain an tír amach roimh 1860, ach mhéadaigh a líon go tapa ó 1860 amach agus ruathar óir sa Nua-Shéalainn (in Otago agus ar an gCósta Thiar). Ba mhó fós an spreagadh an imirceacht chuidithe idir 1871 agus 1890. In Éirinn a rugadh timpeall 20% de na hinimircigh sa 19ú haois, agus roinnt mhór acu as Contae Chorcaí, Contae Chiarraí, Contae Chláir agus Cúige Uladh. Bhí níos mó Protastúnach ina measc ná mar a gheofá in Éirinn.

Tar éis 1921, nuair a bhí neamhspleáchas bainte amach ag an Saorstát, níor tháinig mórán ó Éirinn. Bhí méadú ar a líon ó am go chéile trí scór bliain ina dhiaidh sin, sna 1980idí, ach b'fhearr leis na hÉireannaigh dul go tíortha eile - an Astráil, an Bhreatain, na Stáit, Ceanada. Ba chostasáí teacht chun na Nua-Shéalainne ná dul go Meiriceá, rud a d'fhág go raibh na inimircigh seo níos toiciúla.


I ndaonáireamh 2018 dúirt 17,817 duine go raibh cúlra Éireannach acu; de bhunadh na hÉireann 15% de phobal na tíre. Tháinig a lán trí thíortha eile – an Bhreatain, na Stáit agus an Astráil. Is annamh a chruinnídis i dteannta a chéile ina ndlúthphobail, agus tarraingíodh na Protastúnaigh isteach i bpobal 'Briotanach'.



Láithreán óir: Gabriel's Gully, Otago, 1862  
Wikimedia Commons

Rinneadh corrthagairt do labhairt na Gaeilge ar na nuachtáin i ngeall ar chúrsaí dlí. In 1877 ciontaíodh Tomás Mac Mathúna agus Pádraig Ó Grádaigh i dTomás Austin a bhascadh in Whanganui; chualathas an triúr ag caint i nGaeilge agus ansin an bheirt a ciontaíodh á rá i nGaeilge go maróidís an fear eile. In 1895 labhair Alley áirithe Gaeilge agus é ag éalú ón dlí; agus i nGaeilge a dúirt póilín leis géilleadh.

Bhí 'Gaelic column' le fáil ar an *New Zealand Tablet*: féach an sampla thíos ón 29 Samhain 1873:



Bhí baint ag dhá eaglaiseach le saothrú na teanga sa Nua-Shéalainn: an Canónach Charles Jordan (1838-1912), Anglacánach, agus an Moinsíneoir Peadar Ó Laoghaire (1847-1916), col ceathrair an Athar Peadar (údar *Séadna* agus eile). Rugadh an Canónach i gCeann Trá i gCorca Dhuibhne (bhí a athair ina mháistir scoile ar an mBlascaod Mór) agus d'aistrigh sé go Tauranga in 1872 (áit a ndearnadh maor de). Thug sé léachtaí sa Nua-Shéalainn agus in Sydney ar stair na teanga, agus mhol sé go gcuirfí grúpaí Gaeilge ar bun. Rugadh an Moinsíneoir i gCluain Droichid i gContae Chorcaí agus bhí sé ina chónaí sa Nua-Shéalainn ó 1874 amach. É ag obair go tréan ar son na teanga agus ar son dhúchas na hÉireann ó na 1890idí amach. Deir a fheartlaoi: 'A Dhia, tabhair d'anamnaibh na marbh maitheamhnas in a bpeacaidhibh tre Iosa Criost ar dtighearna. Amen'.

Bhí colún Gaeilge le Seaghan Ó Tuathail in *The Green Ray* (1916-1918), nuachtán a bhain leis an Maoriland Irish Society. Gabhadh an t-eagarthóir agus an bainisteoir as tréas agus gearradh príosúnacht orthu in 1918.

Thosaigh níos mó Éireannach ag teacht sna 1970idí. Mhaígh Diarmaid go raibh cosúlacht éigin idir Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, an t-éileamh ar chearta sibhialta i dTuaisceart Éireann agus gluaiseacht cearta talún na Māori sna 1970idí; rinneadh achainí ar son na teanga Māori sna scoileanna in 1972. Chuir scata beag daoine sa Nua-Shéalainn suim sa Ghaeilge de bharr na dtrioblóidí i dTuaisceart Éireann. Bhí grúpaí Gaeilge le fáil ar feadh na mblianta in Auckland, Wellington agus Christchurch; anois tá Ambasáid de chuid na hÉireann ann agus craobh de Conradh na Gaeilge, rudaí a chabhraíonn le saothrú na teanga.

Luaigh Diarmaid deiseanna taighde eile maidir le dialanna agus litreacha, logainmneacha, anailís ar uaigneanna agus ar leaca tuama, agus staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar phearsana nótáilte. Dúirt sé chomh maith gurbh fhiú do Ghaeilgeoirí caidreamh a dhéanamh leis an bpobal Māori agus eolas a fháil ar céard is cúis le rath nó mírath i gcúrsaí teanga.



### **An fhadhb**

*Irish speakers in Ireland are simultaneously central and marginal, and the status of the language would benefit from dispassionate re-assessment. Irish speakers elsewhere are marginal per se, and must establish relevance in different ways.*

Fadhb is ea na Gaeilgeoirí, fadhb nó ábhar taighde. A meas féin acu orthu féin in Éirinn, cé gur meas débhríoch é. Iad i lár an aonaigh agus ar chiumhais an aonaigh araon. Sa réimse poiblí níl sa teanga ach comhartha fánach ar dhúchas a bhfuil sé d'fheidhm aige sainiúlacht na tíre a chur in iúl, cé nach n-aithnítear thar sáile go bhfuil an fheidhm sin (nó an teanga féin) ann; ach ní choisceann sin ar lucht na Gaeilge a gceart a éileamh. Is é an ceangal atá idir lucht an Gaeilge agus lucht an Bhéarla an Béarla féin; ní gá d'fhormhór an phobail aon teanga eile a bheith acu, ach ní mór do Ghaeilgeoirí a bheith dátheangach. Codarsnacht chultúrtha iontu fein iad.

Is deacair rud nua a rá faoi aon rud a bhaineann leis an nGaeilge. Is ceadmhach, áfach, cúpla rud a athrá.

Is dóigh leis an rialtas (polaiteoirí gan Ghaeilge, mórán) agus le pobal na Gaeilge i gcónaí go bhfuil buntábhacht leis an nGaeltacht. Ach ní mhínítear cén Ghaeltacht atá i gceist (an Ghaeltacht oifigiúil, an fhíor-Ghaeltacht, an Ghaeltacht osréalach) agus diúltaítear glacadh leis (cibé Gaeltacht i gceist) go bhfuil an teanga thraidisiúnta gan téarnamh, rud is léir ón bhfianaise uile. Aigne dhéchiallach a léirítear anseo.

Té sé thar am stádas na Gaeilge éigeantaí sna scoileanna a athbhreithniú. Taobh amuigh den siombalachas, ní foláir a bheith praiticiúil: ba chóir é a bheith de chuspóir ag an gcóras na daltaí a dhéanamh líofa – cuspóir neamhchoitianta i dtíortha an Bhéarla agus teangacha eile i gceist. Chuige sin caithfear deis chainte a thabhairt do na daltaí sa rang ó thús agus cúpla ábhar eile a mhúineadh trí Ghaeilge. Ach ní féidir é sin a dhéanamh agus a laghad sin múinteoirí líofa ann, fiú sna bunscoileanna; is furasta cáilíocht teagaisc a fháil agus gan Gaeilge ar do thoil agat. Is é an réiteach a mholann daoine éigin Gaeilge a bheith á múineadh sna bunscoileanna ag speisialtóirí de réir curaclaim a spreagann comhrá agus comhchaint; ansin an Ghaeilge a dhéanamh roghnach ar an meánscoil. Is iomaí dalta a ligfeadh an teanga ar lár dá bharr, ach b'fhusa múinteoirí líofa a sholáthar don fhuílleach.

Ansin, na Gaeilgeoirí thar lear, dream is deacair a áireamh. A bhformhór le fáil sna Stáit, ach iad ina gcónaí chomh maith i gCeanada, an Rúis, an Ghearmáin, an Astráil, an Nua-Shéalainn (féach an píosa thuas) agus in áiteanna nach gcuimhneofa orthu. Níl Gaeltacht traidisiúnta acu ná éigeantas teanga; ní gá fiú gur de shliocht Éireannach iad: d'fhoghlaim (nó d'athfhoghlaim) siad Gaeilge le spéis inti – rud a chuirfeadh iontas ar a lán Éireannach. Daoine ina measc ag breacadh páir, rud a thugann orthu a n-intinn a dhírú ar a dtimpeallacht féin mar ábhar agus an teanga a dhúchasú ina bhfearann féin dá réir. An chuid is mó de na Gaeilgeoirí taobh amuigh d'Éirinn, áfach, tá an teanga acu mar chaitheamh aimsire, mura scoláirí acadúla iad. An litríocht agus an léann: an dá shlí ina bhféadann Gaeilgeoirí na coigríche lorg a fhágáil ar chruinne na Gaeilge.



### **Státseirbhís líofa**

*The aim in Ireland is to have 20% of recruits to the public service fluent in Irish by 2030. Such aspirations have a history of failure.*

Má chuirimid cainteoirí laethúla agus seachtainiúla na Gaeilge le chéile i bPoblacht na hÉireann de réir figiúirí dhaonáireamh na bliana 2016 (sin 185,276 cainteoir), níl iontu ach timpeall 3% de dhaonra na Poblachta (4,761,865 in 2016).

Féach na cainteoirí laethúla, 73,803 díobh: sin 20,586 sa Ghaeltacht agus 53,217 lasmuigh den Ghaeltacht – difríocht shuimiúil. Bhí 20% (14,229) díobh ina gcónaí i mBaile Átha Cliath. Ansin cuimhnimis ar na cainteoirí seachtainiúla – 111,473 duine (agus gan ach 6,284 díobh sa Ghaeltacht). Ní mór na figiúirí seo a chur san áireamh agus cinneadh déanta 20% d'earcaigh nua na seirbhíse poiblí a bheith ina gcainteoirí Gaeilge faoin mbliain 2030 – céatadán i bhfad níos airde ná céatadán na nGaeilgeoirí féin. Ní olc an rud é sin ann féin, agus is léir go bhfuil

méadú suntasach tagtha ar líon na gcainteoirí lasmuigh den Ghaeltacht, ach rachaidh sé rite leis an rialtas an sprioc a bhaint amach.

Tá baill de Choiste Oireachtais na Gaeilge ag éileamh go gcuirfí cúrsaí nua tríd leibhéal ar bun chun earcaigh líofa a sholáthar. Bheadh ar chomhlachtaí poiblí a gcuid cúrsaí féin a bhunú chun líofacht a ghríosú san fhoireann. Traidisiún seanbhunaithe in Éirinn é cuspóirí iontacha a leagan síos chun an Ghaeilge a chur chun cinn ach gan acmhainní a chur ar fáil chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Ní cúrsaí a dhéanann cainteoirí líofa ach comhluadar agus comhrá, agus tá a leithéid in easnamh ar an nGaeilge.

Tá deireadh curtha leis na scéimeanna teanga a bhí á ndéanamh ag comhlachtaí poiblí chun seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. Ní raibh rath orthu. Beidh sé de dhualgas ar chomhlachtaí feasta seirbhísí Gaeilge a sholáthar de réir na teagmhála a bhíonn acu leis an bpobal. Tá ciall leis sin, ach ní hionann ciall agus fónamh.



### **Tuar agus réiteach**

*With nothing but bad news where climate is concerned, no choice is left but adaptation.*

Níl fáidheadóirí na tubaiste in easnamh orainn agus an t-athrú aeráide i gceist, fiú má mhaíonn siad gur féidir linn géire na tubaiste a mhaolú. Is iomaí eolaí a déarfadh leat ar fhód ar leith nach féidir linn ollchliseadh aeráide a sheachaint anois, agus cuid acu ag cur an scéil in iúl go neamhbhalbh (féach, mar shampla, *Hothouse Earth: An Inhabitant's Guide*, leabhar scanrúil le Bob McGuire).



Dóiteán cois Pháirc Náisiúnta Yosemite, 2013  
*Wikimedia Commons*

Má táimid chun an méadú teasa a choinneáil faoi bhun 1.5C, ní mór dúinn laghdú 45% a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin; ach is léir anois go leanfaidh ar na hastaíochtaí ag éirí agus ní rud is dóichí ná go sárófar 1.5C i gceann deich mbliana. Fiú san Astráil, tír shaibhir a bhfuil taithí aici ar mhórtheas samhraidh, níl na tithe díonach ar an teas sin; is measa fós an scéal sa Bhreatain agus in Éirinn. Beidh triomach uafásach ann, in éineacht le tuille coscracha, barraí laga agus borradh farraige, agus ganntanas bia agus uisce ann dá bharr. Leanfaidh ceannairc agus cogadh an méid sin. Tá roinnt príomhbharraí ar nós cruithneachta, ríse agus arbhair nach bhféadfaidh an teas a sheasamh mura n-éireoidh linn cineálacha nua a chruthú. Agus cuimhnimis (dár n-ainneoin féin) ar a bhféadfadh titim amach agus ardú 2C ann.

Tá daoine ann (agus ní á chasadh leo é) a d'éireodh as a leithéid de scéal a léamh ag an bpointe seo. Dólás gan sólas, an drochscéal i gcónaí. An meiteán, mar shampla. Tá roinnt mhór de gafa ag talamh síorshiochta an Artaigh, agus scaoilfear amach é nuair a leáfaidh an talamh. Ní mhaireann sé i bhfad san atmaisféar ach tá sé 86 huairé níos treise ná an carbón mar ghás téite.

Agus féach Sruth na Murascaille, é ag tabhairt uisce neamhfhuar aniar ó na trópaicí chun farraigí na hEorpa; ach lagóidh uisce fuar ó dhléa an Artaigh é i dtreo go bhféadfadh an sruth stopadh ar fad. Is dócha go dtarlóidh sin roimh dheireadh na haoise, agus beidh doineann mhillteanach sa gheimhreadh san Eoraip dá bharr.

Má tá na drochthorthaí ag teacht orainn droim ar dhroim agus i bhfad níos tapa ná mar a síleadh a thiocfadh, céard atá le déanamh? Roinnt rudaí. Tithe teasdíonacha a thógáil in áiteanna sábháilte. Uisce a choigilt agus a stóráil chun nach n-imeodh sé ina ghal le teas na gréine. Bonneagar a bhogadh isteach ó bhéal na farraige. Glacadh leis nach mbeidh cead cónaithe a thuilleadh in áiteanna áirithe. Leas a bhaint as fuinneamh glas. Agus tréaniarracht a dhéanamh fós astaíochtaí a laghdú.

Tá sin indéanta i dtíortha saibhre, ach tá rudaí le déanamh fiú i dtíortha bochta. I Maracó baintear feidhm as bailiú ceo: líon a leathadh idir dhá chuaille agus é ag bailiú uisce nuair a thugann an ghaoth an ceo léi trí na mogaill. I dtíortha eile baintear feidhm as agraphoraoiseacht – crainn a chur ag fás i measc barraí nó ar fhéarach, rud a fheabhsaíonn an ithir, a choinníonn carbón istigh agus a chuireann níos mó táirgí ar fáil.

Ar ndóigh, tá an truailliú ina chuid den saol go fóill. Tá, mar shampla, micreaphlaistigh agus buancheimicigh le fáil ar fud na timpeallachta agus iad ag teacht anuas leis an mbáisteach féin. Tuigimid drochiarsmaí an mhicreaphlaistigh ach níl an tuiscint chéanna againn ar chomhdhúile saorga agus ar an dochar a leanann iad. Tá gá againn leis an teicneolaíocht ghlanta is nua ar fud an domhain.

Ní thiocfaimid slán ar fad; is mór an dochar a dhéanfar. Mar sin féin, mairfidh cuid dár saol ach iarracht a dhéanamh.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

## Dhá dhán le Colin Ryan

### Tairseach

Siar is aniar  
a ghabhann an saol  
tríd an teach  
a thóg na mairbh  
ag caitheamh an dín  
is na mballaí  
ag caitheamh  
thairseach na cuimhne

### Cogar

Agus bhídis cois tine  
istoíche  
beag beann ar a ndearnadh  
de shléacht fadó  
na pasaim ag bogadh  
in airde  
ar an lochta  
an t-ulchubhán  
ag caint  
leis an ngealach  
an ghealach ag cogarnaíl  
le scáileanna

